

Turgnamh um Báisteach a Dhéanamh



SCOILEANNA GLASA
FÁN SA BHAILE - UISCE



Leis an ngrian, déantar an t-uisce ar an talamh a théamh agus déantar gás de, ar a dtugtar gal uisce. Téann sé suas san aer. Tugtar galú air seo.

Nuair a fhuaraítear é san aer déantar braoiníní beaga uisce de as a ndéantar scamail. Tugtar comhdhlúthú air seo.

Nuair a thagann na braoiníní le chéile agus nuair a éiríonn siad ró-throm titeann siad mar bháisteach. Tugtar fearthainn air seo.

Feiceann tú an chaoi a dtarlaíonn sé seo tríd an turgnamh thíos a dhéanamh!

Am socraithe: 10 nóiméad

Am feithimh: 3 nóiméad



Céard atá ag teastáil uait?

1. Gloine nó próca trédhearcach
2. Pláta ceirmeach.
3. Uisce te (tá duine fásta ag teastáil anseo)
4. 4 chiúb oighir.



Céard atá le déanamh agat?

1. Doirt 5 cm den uisce te go cúramach isteach sa phróca.
2. Clúdaigh barr an phróca leis an bpláta ceirmeach, aghaidh in airde.
3. Fan 3 nóiméad.
4. Cuir na ciúbanna oighir ar an bpláta.



Ceisteanna

1. Cá bhfuil an galú ag dul ar aghaidh?
2. Cá bhfuil an comhdhlúthú ag dul ar aghaidh?
3. An bhfaca tú braoiníní níos lú ag ceangal le braoiníní níos mó agus iad ag titim nó ag rolladh síos an próca mar a bheadh báisteach ann? Sna scamail, tugtar fearthainn air seo.
4. Is leacht é an t-uisce, agus is gás é an gal uisce nó an gal. Cad is cúis leo athrú ina chéile?

Féach

Féach ar fhíseán anseo ina ndéantar an turghamh:

<https://www.youtube.com/watch?v=9kRkQ9tyq3U>

Tuilleadh

Féach tuilleadh ar thimthriall an uisce lenár pdf idirghníomhach

anseo: [https://greenschoolsireland.org/wp-](https://greenschoolsireland.org/wp-content/uploads/2020/05/9129_WATER_PRIMARY_F4_INTERAC)

[content/uploads/2020/05/9129 WATER PRIMARY F4 INTERACTIVE.pdf](https://greenschoolsireland.org/wp-content/uploads/2020/05/9129_WATER_PRIMARY_F4_INTERACTIVE.pdf)